# Mórthaispeántas Oideachais

Eochairfhocail: mórthaispeántas, deiseanna, gairmeacha, tuilleadh eolais, cúrsaí ollscoile

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht agus labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cá raibh an Mórthaispeántas Oideachais ar siúl?
2. Ainmnigh dhá cheann de na cúrsaí a luann Colmán O'Higgins ó Choláiste Gonzaga?
3. An raibh ionadaithe ó ollscoileanna taobh amuigh d'Éirinn i láthair ag an taispeántas?
4. Cén grúpa lena mbaineann Orlaith Gallagher?
5. Cad faoi a raibh daoine óga ag iarraidh a fháil amach ó TG4, dar le Conall Ó Máirtín?
6. Cén bhliain ina bhfuil na daltaí a labhair ó Ghaelcholáiste Reachrann?
7. Cén fáth ar tháinig Oisín Healy go dtí an Mórthaispeántas Oideachais?
8. Cathain a thiocfaidh deireadh leis an Mórthaispeántas Oideachais?
9. Cén contae ina bhfuil an RDS?
10. Déan machnamh agus breac síos cúig ghairm bheatha a mbeadh Gaeilge líofa riachtanach iontu.




Foghlaim TG4

**Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Féach ar an bhfíseán arís agus críochnaigh na habairtí seo a leanas.**

| | |
|---|---|
| 1. Bhí an-tóir ar na | A. chomhairle maidir le cén cúrsa a ndéanfadh sé staidéar air |
| 2. Tháinig a lán daltaí go dtí an RDS | B. Choláiste Ghlór na Mara i láthair |
| 3. Bhí Colmán Higgins idir dhá | C. níos mó daoine a earcú |
| 4. Bhí slua daltaí ardteiste ó | D. gairmeacha atá ar fáil leis an nGaeilge |
| 5. Labhair Barry McQuinn le hionadaithe ó | E. tríú leibhéal éagsúla atá ann sna hollscoileanna difriúla in Éirinn agus thar lear |
| 6. Bhí ionadaithe ann ó | F. Conall Ó Máirtín |
| 7. Tá Óglaigh na hÉireann ag iarraidh | G. seastáin ar fad ag an Mórthaispeántas Oideachais |
| 8. Is Eagarthóir/Léiritheoir Oideachais TG4 é | H. chuid mhaith de thíortha na hEorpa |
| 9. Bhí caint ann i rith an lae faoi na | I. chun tuilleadh eolais a fháil faoi na deiseanna a bheadh acu sa todhchaí |
| 10. Gheobhadh daltaí Ardteiste blaiseadh de na cúrsaí | J. Choláiste na hOllscoile |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | |



## Gníomhaíocht Labhartha:


Ag obair le do pháirtí ranga déan plé ar bhur dtodhchaí tar éis na hArdteiste.

Cad ba mhaith libh a dhéanamh amach anseo? Cén fhad a mhairfeadh an cúrsa nó an phrintíseacht ar mhaith libh tabhairt faoi? An bhfuil sé i gceist agaibh dul amach sa saol oibre díreach i ndiaidh na hArdteiste, nó post páirtaimiseartha a fháil a fhad is a bheidh sibh san ollscoil?

Cabhróidh an foclóir seo libh tabhairt faoin bplé

- deiseanna iontacha
- fostaíocht
- níl tuairim agam
- ba bhreá liom
- bheadh an-spéis agam staideár a dhéanamh ar
- táim cinnte de gur mhaith liom a bheith i mo
- déanfaidh mé staidéar ar
- amach anseo
- i gceann cúpla bliain
- tá mo thuismitheoirí ag impí orm staidéar a dhéanamh ar..
- Is é/í an ________ an t-ábhar is fearr liom ar scoil mar sin ba mhaith liom...
- táim idir dhá chomhairle maidir leis an todhchaí
- tá an-chuid féidearthachtaí ann.
- n'fheadar/níl a fhios agam
- ní theastaíonn uaim fanacht in Éirinn
- braitheann sé ar na pointí
- feicfimid
- cá bhfios, cad a tharlóidh
- post san earnáil phoiblí
- b'fhuath liom a bheith i mo
- Is _________ é/í mo dhaid/mo mháthair mar





Freagraí

1. San RDS
2. Dlí, leigheas, gnó
3. Bhí
4. Óglaigh na hÉireann
5. Na gairmeacha atá ar fáil le TG4 agus eolas a fháil faoi na cúrsaí gur cheart dóibh tabhairt fúthu san ollscoil má theastaíonn uathu post a fháil le TG4
6. An séú bliain/daltaí ardteiste
7. Chun tuilleadh eolais a fháil amach faoi na cúrsaí éagsúla atá ar fáil sna hollscoileanna difriúla
8. Dé hAoine
9. Baile Átha Cliath

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| G | I | A | B | J | H | C | F | D | E |

